# Sraith Pictiúr 5

Bhí mé sa teach tráthnóna amháin ag féachaint ar an teilifís agus ag ithe sceallóga. Bhí mé ag féachaint ar "Deal or No Deal". Bhí mo thuismitheoirí ag cruinniú sa scoil. Bhí mé sona sásta mar ní raibh obair bhaile le déanamh agam.

Ansin, tháinig duine éigin go dtí an doras. Bhain sé geit asam, mar bhí sé iontach ciúin sa teach. Buachaill dárbh ainm Peadar a bhí ann – Bhí sé i mo rang tíreolaíochta ar scoil. Bhí sé ar lorg mo dheirfiúr Aoife. Ní raibh sí sa teach mar chuaigh sí amach lena cairde ag siopadóireacht i lár an bhaile.

Dúirt mé sin leis. Scríobh sé nóta ag rá nach raibh sé ábalta dul go dtí an phictiúrlann an tráthnóna sin. Bhí cluiche peile le bheith aige. Thug sé an nóta dom, agus dúirt sé liom é a thabhairt d'Aoife. Thug mé an nóta di an oíche sin, agus ní raibh sí sásta. Bhí fearg an domhain uirthi, agus bhris sí suas leis!